Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Feabhra 2025
(OR. en)

6492/25

LIMITE

ECOFIN 196
FISC 36

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0276(CNS)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais<br>– Comhaontú polaitiúil |

## I. RÉAMHRÁ

1. I dTreoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas[1] (Treoir Cholún a Dó), léirítear, tríd is tríd, na rialacha samhla, arna n-oiriúnú de réir mar a cheanglaítear le dlí an Aontais, a comhaontaíodh ag Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis ('an Creat Cuimsitheach'), i ndáil le hathchóiriú ar na rialacha idirnáisiúnta maidir le cánachas ar bhrabúis na bhfiontar ilnáisiúnta is mó.

[1] IO L 328, 22.12.2022, lch. 1–58, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2523/oj.

2. Tá an cánachas íosta éifeachtach, a chumhdaítear le 'Colún a Dó', bunaithe ar dhá phríomhriail (na rialacha domhanda maidir le creimeadh an bhoinn a chosc dá ngairtear feasta 'rialacha GloBE') – an riail maidir le cuimsiú ioncaim (RCI) agus an riail maidir le híocaíocht faoi thearc-cháin (RÍFTC) – atá ceaptha chun a áirithiú go ngearrfar cáin ar ráta éifeachtach dar méid 15 % ar a laghad ar na brabúis a dhéanann grúpaí ilnáisiúnta a bhfuil láimhdeachas nach lú ná EUR 750 milliún acu. Tá Treoir Cholún a Dó ceaptha chun a áirithiú go n-íocfaidh grúpaí móra fiontar ilnáisiúnta (FINanna) íosleibhéal cánach ar an ioncam a thagann chun cinn i ngach dlínse ina n-oibríonn siad. Ní mór d'eintitis a thagann faoi raon feidhme na rialacha a ráta cánach éifeachtach a ríomh le haghaidh gach dlínse ina n-oibríonn siad agus cáin bhreisiúcháin a íoc le haghaidh na difríochta idir a ráta cánach éifeachtach in aghaidh na dlínse agus an t-íosráta cánach 15 %. Leagtar amach in Airteagal 44 de Threoir Cholún a Dó oibleagáid an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a chomhdú. Chun an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a chomhdú, ní mór teimpléad caighdeánaithe a úsáid.

3. Chun go bhfeidhmeoidh an córas sin go héifeachtach, ní mór a áirithiú freisin go bhfaighidh na húdaráis chánach faisnéis ábhartha chánach agus go ndéantar í a mhalartú go huathoibríoch. Chun na gcríoch sin, d'fhorbair ECFE teimpléad caighdeánach (Tuairisceán Faisnéise GloBE) ar cheart é a bheith de cheangal ar eintitis chomhdaithe ar cuid iad de ghrúpaí móra fiontar ilnáisiúnta é a úsáid chun a n-oibleagáidí comhdaithe a chomhlíonadh. Dá réir sin, mar aon le rialacha Cholún a Dó, ba cheart an Tuairisceán Faisnéise GloBE a thrasuí i ndlí an Aontais, chun malartú faisnéise idir na Ballstáit a éascú.

PUBLIC

4. I bhfianaise an mhéid sin, d'eisigh an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (TCR9) an 28 Deireadh Fómhair 2024[2].

5. Is é príomhchuspóir an togra reachtaigh seo forálacha Threoir Cholún a Dó (Airteagal 44 go háirithe) a chur i bhfeidhm, lena bhforáiltear go gcaithfear an chéad tuairisciú ar fhaisnéis maidir le cáin bhreisiúcháin ó ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus ó ghrúpaí náisiúnta mórscála a dhéanamh faoin 30 Meitheamh 2026. Bainfear an cuspóir sin amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) an fhoirm chaighdeánach den tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a leagan amach sa tslí go mbeidh ar eintitis chomhdaithe ar cuid iad de ghrúpaí móra fiontar ilnáisiúnta (a thagann faoi raon feidhme rialacha Cholún a Dó) í a chur isteach, agus

   (b) Treoir 2011/16/AE a fhorlíon le forálacha lena leagtar síos creat chun malartú na dtuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a éascú idir údaráis chánach na mBallstát.

6. A luaithe a ghlacfaidh an Chomhairle TCR9, beidh ar na Ballstáit uile é a thrasuí sa dlí náisiúnta sách tapa, chun bearnaí sa tuairisciú cánach a sheachaint. Dá bhrí sin, tá an amlíne chun an chaibidlíocht sin a thabhairt chun críche an-ghearr fós.

7. Glacadh an tuairim ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra reachtach seo an 12 Feabhra 2025.[3] Tá an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feitheamh.

---

[2] 15004/24 + ADD1.

[3] P10_TA(2025)0013 (féach 5822/25 freisin).

## II. STAID NA hIMEARTHA

8. Thug Uachtaránacht na Polainne tús áite don obair ar an gcomhad sin agus d'iarr sí ar na Ballstáit an obair ullmhúcháin is gá a thabhairt i gcrích in am don chruinniú a bheidh ag Comhairle ECOFIN i mí an Mhárta 2025. Go dtí seo, le linn théarma Uachtaránacht na Polainne, tionóladh ceithre chruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach (an 9 agus an 24 Eanáir, an 17 Feabhra, agus cruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) an 26 Feabhra 2025).

9. Tar éis an chruinnithe a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) an 26 Feabhra 2025, rinne an Uachtaránacht tuilleadh coigeartuithe, a comhaontaíodh le linn an chruinnithe sin, ar an dréacht-Treoir (leasuithe ar Aithris 7 agus ar Airteagal 27d(4) (an dáta a athrú go dtí an 1 Nollaig 2026)). Leagtar amach an téacs comhréitigh is déanaí ón uachtaránacht, ina léirítear na leasuithe sin, in 6503/25.

10. Tá an Uachtaránacht den tuairim go mbaintear amach an chothromaíocht cheart sa téacs comhréitigh sin anois agus go dtugtar aghaidh ann ar na hábhair imní a chuir na toscaireachtaí in iúl. Ba cheart an téacs sin a bheith ina bhonn maith chun bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht sin, agus d'fhéadfadh aon mhodhnuithe eile a dhéanfaí air an tacaíocht atá á tabhairt cheana ag toscaireachtaí na mBallstát a laghdú. Dá bhrí sin, measann an Uachtaránacht go mbeidh na toscaireachtaí réidh le haon fhorchoimeádais a tharraingt siar, an téacs comhréitigh is déanaí a ghlacadh agus an phríomh-shaincheist, a leagtar amach i gcuid III den nóta seo, a réiteach.

PUBLIC

## III. AN tSAINCHEIST:

***Nuashonruithe ar an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin: Gníomh tarmligthe ón gCoimisiún nó gníomh cur chun feidhme ón gComhairle (Airteagail 26a, 26b agus aithris 18)***

11. Is é an phríomh-shaincheist atá le réiteach fós sa chaibidlíocht sin teacht ar chomhaontú maidir leis an modh a úsáidfear chun foirm chaighdeánach den tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin (Roinn IV d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le TCR) a thabhairt cothrom le dáta, ionas go mbeidh sí fós i gcomhréir leis na nuashonruithe atá ar na bacáin ar Thuairisceán Faisnéise caighdeánaithe GloBE a leagtar síos i gComhaontú Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 um chreimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis (BEPS)).

12. Chomh maith leis an bhféidearthacht an Iarscríbhinn a leasú trí Threoir ón gComhairle (faoin nós imeachta reachtach speisialta), tháinig dhá phríomhrogha chun cinn:

    (a) na cumhachtaí chun foirm chaighdeánach den tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a thabhairt cothrom le dáta a tharmligean chuig an gCoimisiún (bhí an rogha seo mar chuid de thogra reachtach an Choimisiúin le haghaidh TCR9); nó

    (b) foirm chaighdeánach den tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a ghlacadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle.

13. Ag an gcruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) an 26 Feabhra 2025, d'fhéadfadh formhór na mBallstát tacú le cumhachtaí chun foirm chaighdeánach den tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin chun a thabhairt cothrom le dáta a tarmligthe chuig gCoimisiún. Mar sin féin, lean roinnt Ballstát de chur i gcoinne an réitigh sin agus d'éiligh siad go nglacfaí foirm chaighdeánach den tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin trí ghníomh cur chun feidhme ón gComhairle, agus gur cheart an modh sin a úsáid freisin chun an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a thabhairt cothrom le dáta go tapa, a luaithe a bheidh gá leis sin ar bhonn aon fhorbairtí comhaontaithe nua ar Thuairisceán Faisnéise caighdeánaithe GloBE.

14. Ag an gcéim seo, i dtéacs comhréitigh na dréacht-Treorach, áitíonn an Uachtaránacht go bhfanfadh cumhachtaí chun an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a thabhairt cothrom le dáta de bheith ag an gCoimisiún. Mar sin féin, dá roghnódh na Ballstáit uile teacht ar chomhaontú go ndéanfaí cumhachtaí cur chun feidhme a tharmligean chuig an gComhairle, chaithfí athbhreithniú a dhéanamh ar an téacs comhréitigh agus na leasuithe a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a chur san áireamh. Is é an príomhchoigeartú go scriosfaí ón Treoir Roinn IV d'Iarscríbhinn VII, ina bhfuil foirm chaighdeánach den tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin.

15. Tá an Uachtaránacht ag súil go réiteofar an phríomh-shaincheist sin atá gan réiteach fós de mheon an chomhréitigh, agus go bhféadfadh na Ballstáit uile aontú ar cheann amháin den dá rogha (cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún nó chuig an gComhairle).

## IV. AN BEALACH CHUN CINN

16. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) an tsaincheist deiridh a réiteach agus a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis an téacs comhréitigh;

(b) a mholadh don Chomhairle, ag an gcruinniú a bheidh aici amach anseo, teacht ar chomhaontú polaitiúil maidir le téacs na dréacht-Treorach lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (TCR9), d'fhonn an Treoir a ghlacadh, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch.

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

**Nuashonruithe ar an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin ó ghníomhartha cur chun feidhme ón gComhairle**

PUBLIC

Mar a thagraítear dó sa nóta ón Uachtaránacht, dá nglacfadh na toscaireachtaí uile leis an réiteach gur trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle a ghlacfaí an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin, chaithfí na coigeartuithe seo a leanas a dhéanamh ar an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht:

**1. Chuirfí an méid seo a leanas in ionad Aithris 18:**

(18) Ós rud é go ngníomhachtófar leis an Treoir seo na hoibleagáidí comhdaithe a leagtar síos i dTreoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle agus go mbunaítear léi an oibleagáid an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a mhalartú idir údaráis chánach, agus ós rud é go bhfuil sé ríthábhachtach go gcinnfear an teimpléad don tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin chun a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit measúnú riosca iomchuí agus go ndéanfaidh siad meastóireacht ar chruinneas dhliteanas an chomheintitis i leith na cánach faoi Threoir (AE) 2022/2523, a bhfuil tionchar aige ar bheartais bhuiséadacha chomh maithe le ceannasacht fhioscach na mBallstát, tá sé tábhachtach cumhachtaí cur chun feidhme a tharmligean chuig an gComhairle chun an teimpléad caighdeánach do ghrúpa fiontar ilnáisiúnta a shainiú chun na hoibleagáidí comhdaithe a leagtar síos i dTreoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle a chomhlíonadh.Ba cheart, dá bhrí sin, gur faoin gComhairle a bheadh sé, ar thogra ón gCoimisiún, an teimpléad caighdeánach a shainiú agus é a thabhairt cothrom le dáta ina dhiaidh sin chun é a choinneáil ailínithe leis an bhfoirm a d’fhorbair Creat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le creimeadh an bhoinn cánach agus aistriú brabúis.

**2.** **Chuirfí an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26a agus Airteagal 26b:**

*Airteagal 26a*

*Teimpléad caighdeánach*

1. Glacfaidh an Chomhairle, agus í ag gníomhú d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, gníomhartha cur chun feidhme chun go sainaithneofar an teimpléad caighdeánach atá le húsáid ag an gcomheintiteas is comhdaitheoir de chuid ghrúpa fiontar ilnáisiúnta chun na hoibleagáidí comhdúcháin a chomhlíonadh de bhun Airteagal 44 de Threoir (AE) 2022/2523.

2. Gan dochar do Threoir (AE) 2022/2523, déanfar an teimpléad caighdeánach sin a ailíniú le Tuairisceán Faisnéise caighdeánaithe GloBE a leagtar síos i gCreat-Chomhaontú Cuimsitheach ECFE/G20 um chreimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis agus le haon nuashonrú ar an gCreat sin).

*Airteagal 26b*

*Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas*

Cuirfidh an Chomhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi ghníomhartha cur chun feidhme a ghlactar.

**3.** **Dá dheasca sin, ba ghá coigeartú teicniúil a dhéanamh ar roinnt forálacha eile den téacs comhréitigh, mar gheall ar an teimpléad don tuairisceáin faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin (Roinn IV d'Iarscríbhinn VII) a bheith bainte as téacs na Treorach.** Go háirithe:

(a) Aithris 6;

(b) Aithris 15;

(c) Aithris 16;

(d) Aithris 17;



PUBLIC

(e) Aithris 18;

(f) Aithris 19 (an téacs idir lúibíní a scriosadh: '(i.e. a leagtar amach i Roinn IV d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir seo)');

(g) TCR9, Airteagal 1, pointe (1): (Coigeartú ar DAC, Airteagal 3, pointe (9), an dara fomhír);

(h) TCR9, Airteagal 1, pointe (3): (TCR, Airteagal 8ae);

(i) TCR9, Airteagal 1, pointe (8): (Airteagal 21(9) de DAC atá beartaithe — an cumhachtú don Choimisiún a scriosadh);

(j) TCR9, Airteagal 1, pointe (11): (TCR, Airteagal 26a);

(k) TCR9, Airteagal 1, pointe (12): (TCR, Airteagal 26b);

(l) TCR9, Airteagal 2;

(m) TCR9, Iarscríbhinn VII, Roinn I agus Roinn III agus Roinn IV a scriosadh.

PUBLIC